# Curaclam Matamaitice na Bunscoile

## Trasfhoirmiú

| | Céim 1 (Naíonáin Bheaga agus Mhóra) | Céim 2 (Rang a hAon agus a Dó) | Céim 3 (Rang a Trí agus a Ceathair) | Céim 4 (Rang a Cúig agus a Sé) |
|---|---|---|---|---|
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann* | | | |
| **Torthaí Foghlama** | éifeachtaí bogadh cruthanna a fhiosrú. | an tuiscint a fhorbairt gur féidir cruthanna agus mírlínte a fhrithchaitheamh, a rothlú agus a aistriú. | éifeachtaí na dtrasfhoirmithe ar chruthanna agus ar mhírlínte a shamhaltú agus a mhíniú. | tabhairt faoi réimse céimeanna a bhfuil trasfhoirmithe iontu agus iad a cheapadh.<br><br>anailísiú a dhéanamh ar an gcaoi a méadaítear cruthanna ar léaráidí de réir scála agus é seo a léiriú. |
| **Coincheapa matamaiticiúla** | Is féidir cur síos a dhéanamh ar ghluaiseacht na gcruthanna agus na réad ach úsáid a bhaint as focail shimplí amhail smeach, casadh agus sleamhnú. | Cuimsítear gníomhaíochtaí ar chruthanna le trasfhoirmithe. | Rothlaítear cruth nó líne nuair a chastar é thar pointe darb ainm lár an rothlaithe. Is féidir cur síos a dhéanamh ar threo agus ar mhéid an chasaidh ach úsáid a bhaint as téarmaíocht mhatamaiticiúil agus as tomhais uillinne. | D'fhéadfadh go gcuimseofaí roinnt céimeanna le trasfhoirmithe. Is féidir na céimeanna seo a aithint, a ordú, a thaifeadadh agus a dhéanamh (ach úsáid a bhaint as teicneolaíocht nó dá huireasa). |
| | Is féidir suíomh, treoshuíomh nó méid an chrutha a athrú gan an cineál crutha atá ann a athrú. | Is féidir úsáid a bhaint as na téarmaí matamaiticiúla; frithchaitheamh, rothlú agus aistriú chun cur síos a dhéanamh ar ghluaiseacht na gcruthanna agus na réad.<br><br>Léirítear cruth nó líne nuair atá sé ag an bhfad ingearach céanna ón líne scáthánach.<br><br>Rothlaítear cruth nó líne nuair a chastar é thar phointe.<br><br>Aistrítear cruth nó líne nuair a bhogtar é/í fad áirithe ón mbunsuíomh atá acu (gan é/í a chasadh). | Tá siméadracht rothlach ag cruth nó ag patrún más rud é go bhfuil an chuma chéanna air tar éis rothlú de níos lú ná aon chasadh iomlán amháin. | Is péirí uimhreacha iad comhordanáidí, an pointe ar an x-ais á léiriú ag an gcéad cheann agus an pointe ar an y-ais á léiriú ag an dara ceann. |
| | | Tá aonaid tomhais shimplí agus/nó eangacha úsáideach chun cur síos a dhéanamh ar ghluaiseachtaí crutha agus chun na gluaiseachtaí sin a mharcáil. | Cuimsítear le teasaláid dromchla a chlúdach gan aon bhearna ná forluí, ach úsáid a bhaint as cruth geoiméadrach amháin nó níos lú.<br><br>Is féidir le cruthanna agus le teaglaim cruthanna áirithe teisiliú. | Nuair a thrasfhoirmítear cruthanna ar an bplána comhordúcháin is féidir a gcomhordanáidí a thuar agus a dhéanamh amach. |
| | | Tá siméadracht fhrithchaiteach ag cruth nó ag patrún más rud é go bhfanann sé mar a chéile nuair a dhéantar é a fhrithchaitheamh trí líne scáthánach.<br><br>D'fhéadfadh an líne scáthánach a bheith mar chuid de chruth/de réad nó a bheith lasmuigh de. | Is teasaláidí iad gnáth-theasaláidí de pholagáin rialta. Tá trí chineál de ghnáth-theasaláidí: triantáin, cearnóga agus heicseagáin. | Is féidir cruth a mhéadú. Fanann cruthanna méadaithe cosúil leis an mbunchruth maidir lena n uillinneacha comhfhreagracha agus maidir le coibhneas a dtaobhanna. |